Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Comhairliúchán Poiblí ar Leasú Beartaithe ar Fhodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Scipeanna Bruscair

## Nóta Mionteagaisc

**Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**
**An Rannóg Bóithre agus Tráchta**
**Oifigí na Cathrach**
**An Ché Adhmaid,**
**Baile Átha Cliath 8**

**Aibreán 2024**

Toirmisctear le Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Scipeanna Bruscair 1999 scipeanna bruscair a chur ar choislí nó ar aon chuid den bhóthar poiblí ina bhfuil rialuithe páirceála i bhfeidhm (m.sh. glanbhealaí, línte buí, lánaí bus, limistéir pháirceála íoctha/ceada etc.) mura bhfuil cead ag an bhfruilitheoir ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireann na ceadanna sin ar chumas na Comhairle Cathrach rialú a dhéanamh ar na dátaí agus na hamanna a gceadaítear scipeanna bruscair a chur. Is ionann an táille ar chead agus €27.00 in aghaidh an lae ar gach cúig mhéadar líneacha de bhóthar/choislí phoiblí a úsáidtear ach amháin sa chás go gcuirtear an scipe bruscair i limistéar páirceála íoctha ina bhfuil feidhm ag an táille as an méadar a chur ar fionraí sa chrios taraife ábhartha. Ní eisíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ach ceadanna le haghaidh scipeanna bruscair a thógtar ar cíos ó oibritheoirí ceadúnaithe.

Meastar go bhfuil nuashonrú ar na Fodhlíthe oiriúnach ag an am seo chun aghaidh a thabhairt ar thagairtí do theidil atá as dáta agus chun teanga atá neodrach ó thaobh inscne de a chur san áireamh freisin. Ina theannta sin, ní mór na Fodhlíthe a leasú chun méaduithe ar Cheadúnais Oibritheoirí Scipe Bruscair nach bhfuil athraithe ó 1999 i leith a ionchorprú.

Ag cruinniú mhí an Mhárta 2024 de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhaontaíodh go gcuirfí tús le próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le leasuithe atá beartaithe ar Fhodhlíthe Scipeanna Bruscair na Comhairle Cathrach mar a shonraítear thíos.

Is iad seo a leanas na leasuithe atá beartaithe:

- Cúlghairfear Fodhlíthe um Rialú Scipeanna Bruscair 1999.
- Roinnt sainmhínithe agus tagairtí a thabhairt cothrom le dáta.
- Sainmhíniú nua ar Scipe Bruscair.
- Táillí i gCuid II Alt 9(c) a thabhairt cothrom le dáta.
- Cuid IV, Alt 29 a thabhairt cothrom le dáta.
- Méadú ar tháillí bliantúla do Cheadúnais Oibritheora Scipe Bruscair.

Gabhann cóip de na dréacht-Fhodhlíthe agus de na Fodhlíthe reatha (Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Scipeanna Bruscair 1999) leis an Nóta Mionteagaisc seo freisin.

Is feidhm fhorchoimeádta de chuid na Comhairle Cathrach é glacadh na bhFodhlíthe.

Iarrann an Chomhairle Cathrach ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí leasmhara ar mian leo a dtuairimí a thabhairt ar na leasuithe atá beartaithe ar na Fodhlíthe tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid:

an Uasail Brendan O'Brien,
Bainisteoir Feidhmiúcháin Gníomhach (Trácht),
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath,
An Roinn Iompair agus Comhshaoil,
Bloc 2, Urlár 7, Oifigí na Cathrach,
An Ché Adhmaid,
Baile Átha Cliath 8.

Nó le ríomhphost chuig roadworks.control@dublincity.ie

Is é an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí (5.00i.n.), Dé Luain an 27 Bealtaine, 2024.